LÁMHLEABHAR AN ÚINÉARA

ÍONTÓIR AEIR

Léigh an lámhleabhair úinéara seo sula n-oibrítear an gléas agus coinnigh in aice leat é an t-am ar fad.

www.lg.com

Copyright © 2019 LG Electronics Inc. All Rights Reserved

CLÁR ÁBHAIR

D'fhéadfadh go mbeidh íomhanna nó ábhar sa lámhleabhar seo atá difriuil ón múnla a cheannaigh tú.
Tá an lámhleabhar seo faoi réir athbhreithniú an déantóra.

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA 3
TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA TÁBHACHTACHA 3
Aird a Thabhairt don Chomhshaol 10

SUITEÁIL 11
Páirteanna agus Sonraíochtaí 11
Ag díphacáil an Ghléis 14
Riachtanais Suímh Suiteála 15
Riachtanais Iompair 15

OIBRIÚCHÁN 16
Painéal rialaithe 16
Cianrialtán 18
Buntús 18
Modh Oibriúcháin a Úsáid 19
Luas an Fean a Choigeartú 20
Feidhmeanna Bhreise a Úsáid 21
Ag Aithint Caighdeáin Aeir 22

FEIDHMEANNA CLISTE 25
Conas an Fheidhm LG SmartThinQ a úsáid 25
Conas Smart Diagnosis™ a úsáid 27

COTHABHÁIL 28
Ag Coinneáil an Ghléis 28
Ag Glanadh an Ghléis 29
Ag Cothabháil an Scagaire 30

FABHTCHEARTÚ 31
Sula nglaotar ar Sheirbhís 31

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA

Tá na treoirlínte sábháilteachta a leanas dírithe ar baol nó damáiste tobann a sheachaint de bharr oibriúchán cearr nó fabhtach ar an táirge seo.

Tá na treoirlínte roinnte idir "RABHADH" agus "FOLÁIREAMH" de réir cur síos.

⚠ Taispeántar an comhartha seo i gcomhar oibriúcháin a d'fhéadfadh bheith bainteach le baol. Léigh an chuid ina bhfuil an comhartha seo go cúramach agus lean na treoracha chun baol a sheachaint.

⚠ **RABHADH**

Léiríonn sé seo gur féidir le gortú nó bás tarlú mura gcloítear leis na treoracha.

⚠ **FOLÁIREAMH**

Léiríonn sé seo gur féidir le gortú éadrom nó damáiste don táirge tarlú mura gcloítear leis na treoracha.

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA TÁBHACHTACHA

⚠ **RABHADH**

Chun baol pléascadh, tine, báis, turrainge, gortú nó scalladh a sheachaint agus an táirge seo in úsáid agat, lean na treoracha réamhchúraim chomh maith leis an méid seo:

Páistí sa theach

- Níl an gléas seo oiriúnach d'úsáid ag daoine (páistí san áireamh) atá míchumas nó cumas laghdaithe acu, nó easpa taithí nó eolais, mura bhfuil siad ollta nó faoi maoirseacht i gcomhar úsáid an gléis seo ag duine freagrach as a s(h) abháilteacht. Ba cheart do pháistí bheith faoi maoirseacht chun cinntiú nach bhfuil siad ag imirt leis an ngléas.

Úsáid in Eoraip

- Is cead ag páistí 8 mbliain d'aois nó níos sine an gléas seo a úsáid, chomh maith le daoine le míchumas nó cumas laghdaithe acu, nó easpa taithí nó eolais, má tá siad ollta nó faoi maoirseacht i gcomhar úsáid an gléis seo ar bhealach sábháilte agus má thuigeann siad na contúirtí bainteach leis. Ní cheadaítear do pháistí imirt leis an ngléas. Níl cead ag páistí an gléas a ghlanadh nó cothabháil an úsáideora a dhéanamh gan maoirseacht.

Suiteáil

- Ná suiteáil an gléas ar dhromchla míchothrom nó claonta.
- Ná suiteáil an gléas in áit atá nochta le solas na gréine nó in aice le trealamh a ghineann teas.
- Ná suiteáil an táirge in áit a bhfuil baol ann go ligfear gáis indóite nó a bhfuil ola tionsclaíoch nó cáithníní miotail ann.
- Bí aireach gan ligean don phlocóid chumhachta bheith brúite le cúl an ghléis.
- Ná cuir lámha fliucha ar an bplocóid chumhachta.
- Nuair a baintear amach an corda cumhachta, tarraing amach é ag an bplocóid i gcónaí.
- Díphlugáil an gléas nuair atá tintreach nó toirneach ann nó nuair nach bhfuil sé in úsáid ar feadh tamaill fhada.
- Ná lúb an sreang chumhachta an iomarca, agus ná cuir aon rud trom air.
- Ná sín amach faid na sreinge chumhachta agus ná hathraigh é.
- Ná húsáid cuid mhaith gléasanna ar asraon sínteach il-soicéid.
- Déan an ceangal go slán ionas nach mbeidh scriú sna teirminéil scaoilte le linn an sreang a tharraingt.
- Cinntigh nach féidir an cábla cumhachta a tharraingt amach nó damáiste a dhéanamh dó agus an gléas á oibriú.
- Má tá damáiste sa chorda, is gá é a athrú le cabhair an déantóra nó gníomhaí seirbhíse nó duine cáilithe eile chun guais a sheachaint.

Oibriúchán

- Má tá an gléas faoi uisce, scor dá úsáid agus déan teagmháil le hionad seirbhíse LG Electronics.
- Má tá gás á ligean (iseabútán, própán, LNG, srl), ná cur lámh ar an táirge nó ar an bpluga cumhachta agus déan an áit a aeráil láithreach.
- Ná glan an gléas le scuabanna, ceirteacha nó spiúinsí le dromchla garbh nó miotail.
- Má bhraitheann tú torann neamhghnách, boladh nó deatach, díphlugáil an táirge láithreach agus téigh i dteagmháil le hionad seirbhíse LG Electronics.
- Níl cead ach ag duine údaraithe ó ionad seirbhíse LG Electronics díchóimeáil, deisiú nó modhnú a dhéanamh don ghléas.
- Ná húsáid nó ná stóráil tine, ábhar indóite (éitear, beinséin, alcól, drugaí, própán, bútán, sprae indóite, feithidicíd, úraitheoir, cosmaidí srl.) nó ábhair inlasta (coinnle, lampaí srl) in aice leis an táirge.
- Ná cur an corda cumhachta faoi ruga, cairpéad nó mataí.
- Ná lig d'ainmhithe nó peataí cogaint ar an gcorda cumhachta.
- Ná bog an gléas nuair atá sé ag oibriú.
- Ná buail an gléas.
- Ná cur lámha nó ábhair miotail isteach san ionraon aeir nó san asraon aeir.
- Ná suiteáil agus tú ag úsáid páirteanna briste.
- Ná cur ábhair inlasta isteach sa ghléas.
- Ná bog agus ná hoibrigh an gléas agus an clúdach ar oscailt.
- Ná lig do pháistí dreapadh air nó súgradh leis an ngléas.
- Ná cur caife, vása bláthanna nó deochanna ar bharr an ghléis.
- Ní bréagán é an gaothrán seo. Ní cheart súgradh leis ná é a chur in áit a d'fhéadfadh leanaí óga teacht air.

Cothabháil

- Déan an t-ábhar pacála (vinil, styrofoam srl) a dhiúscairt chun é a choinneáil amach ó aimsiú páistí.
- Bí aireach gan ligean d'aon chuid de do chorp bheith pinseáilte agus tú ag dícheangal nó ag athcheangal páirteanna den ghléas.
- Ní mór oibriú an ghléis a stopadh agus é á dhíphlugáil sula nglanann tú agus athchuireann tú an scagaire.

Ceallra

- Úsáidtear ceallra a bhfuil cruth chnaipe/bhoinn air i gcianrialtán an ghléis. Má shlogann tú an ceallra trí thimpiste, téigh go dtí an dochtúir láithreach i gcomhair cúraim leighis éigeandála. Má theipeann ort garchabhair a fháil taobh istigh de 2 uair tar éis duit é a shlogadh, d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do na horgáin inmheánacha, nó i gcás dáiríre, bás a fháil.
- Ná slog an ceallra.
- Mura bhfuil an ceallra ceangailte go daingean, stop ag úsáid an ghléis láithreach agus coimeád amach ó pháistí é.
- Athchuir gach ceallra sa chianrialtán le cinn nua den chineál céanna. Ná meascaigh sean-cheallraí le ceallraí nua nó cineálacha difriúla ceallraí.

⚠ FOLÁIREAMH

Chun baol gortaithe, fabht nó damáiste a ísliú agus an gléas seo in úsáid agat, lean na bearta réamhchúraim, chomh maith leis an méid seo:

Suiteáil

- Ná claon an gléas chun é a tharraingt nó a bhrú agus é á iompar.
- Ná suiteáil an táirge i dtrealamh iompair (feithicil/soitheach srl).
- Ná cur an táirge in aice le teilifís nó trealamh steirió.
- Ná cur an táirge faoi sholas géar.
- Is gá an gléas a shuiteáil de réir na rialacháin sreang náisiúnta.
- Nuair atá tú ag bogadh nó ag stóráil an táirge, fill an corda cumhachta thart ar bhun an ghléis chun gortú pearsanta, damáiste don chorda nó damáiste do na hurláir a chosc.
- Ná cuir an gléas in aice le cuirtíní.

Oibriúchán

- Ná húsáid an táirge chun gás nimhiúil amhail aonocsaíd charbóin a bhaint.
- Ná húsáid an táirge i gcomhair aerála.
- Ná húsáid an táirge ar feadh tamaill fhada i réigiún le voltas guagach.
- Ná cuir baic timpeall ar an ionraon aeir nó asraon aeir.
- I gcomhair úsáide shábháilte an ghléis is gá dlúth-mhonatóireacht a dhéanamh ar pháistí nó orthu siúd le míchumas meabhrach, le duine a bhfuil freagrach as a gcuid sábháilteachta.
- Ná húsáid an táirge i gcomhair cuspóra pearsanta amhail plandaí a chaomhnú, mar ghléas beaichte, obair ealaíne srl.
- Ná hoibrigh an gléas le lámha fliucha.

- Ná lig do thaise ón mbogthaiseoir teagmháil díreach a dhéanamh leis an ngléas.
- Ná húsáid an gléas nuair nach bhfuil sé ina sheasamh ingearach.
- Ná cur an gléas in aice le rudaí soloite ag teas.
- Ná húsáid glantach, cosmaidí, ceimicí, úraitheoirí aeir nó dífhabhatáin sa ghléas.
- Ná tadhaill ar aon pháirteanna inmheánacha nuair atá an t-aonad ag oibriú nó láithreach i ndiaidh oibriúcháin.
- Ná húsáid an scagaire ach lena fheidhmeanna beartaithe.
- Cóimeáiltear an Scagaire Chúram Díbholúcháin agus an Scagaire Bailithe Ailléirgin le chéile. Ná déan iarracht iad a dhícheangail óna chéile.
- Ná hoibrigh an Booster Glanta gan chúis.
- Ná cuir aon ábhair isteach sa Booster Glanta.
- Ná hoibrigh an táirge nuair atá clúdach Booster Glanta agus gríoscán bainte óna chéile.
- Ná cuir lámha nó ábhair miotail isteach i gcuid an Booster Glanta a bhfuil ag bogadh.
- Ná brúigh cnaipí éagsúla ag aon am amháin sa chianrialtán.
- Ná tabhair cic don chianrialtán agus ná seas air.
- Ná bain úsáid as an gcianrialtán in áit a bhfuil an iomarca uisce nó taise ann.
- Ná bain úsáid as an gcianrialtán in áit a bhfuil tine nó teas ann.

Cothabháil

- Ná glan le glantacha láidre amhail tuaslagóra ach úsáid éadach bog.
- Ná glan an ghléis le glantach alcaileach.
- Ná glan dromchla an ghléis ag úsáid aigéid sulfaraigh, aigéad hidreaclórach nó tuaslagach orgánach (caolaitheoir, ceirisín srl) nó ná greamaigh greamán ar an ngléas.
- Ná lig uisce isteach sa ghléas.

- NÁ nigh an Scagaire le huisce.
- Bí cúramach gan damáiste a dhéanamh don scagaire fíor-mhín nuair a úsáideann tú glantóir folúis.
- Ná díchóimeáil an Booster glanta gan chúis.

Ceallra

- Ná hathraigh an ceallra gan chúis.
- D'fhéadfadh ceallra a bhfuil as ionad a bheith ina chúis pléasctha.
- Ná hathluchtaigh an ceallra nó ná díchóimeáil é.
- Ná déan an ceallra a dhiúscairt i dtine nó ná fág ina aice le teas é.
- Tóg amach agus stóráil an ceallra in áit slán mura bhfuil i gceist agat an cianrialtán a úsáid go ceann tamaill fhada.

Aird a Thabhairt don Chomhshaol

Diúscairt ar Cheallraí/Taisc-cheallraí Dramhaíl



- This symbol may be combined with chemical symbols for mercury (Hg), cadmium (Cd) or lead (Pb) if the battery contains more than 0.0005% of mercury, 0.002% of cadmium or 0.004% of lead.
- All batteries/accumulators should be disposed separately from the municipal waste stream via designated collection facilities appointed by the government or the local authorities.
- The correct disposal of your old batteries/accumulators will help to prevent potential negative consequences for the environment, animal and human health.
- For more detailed information about disposal of your old batteries/accumulators, please contact your city office, waste disposal service or the shop where you purchased the product. (http://www.lg.com/global/sustainability/environment/take-back-recycling/global-network-europe)

Diúscairt ar do Shean-Ghléas




- This crossed-out wheeled bin symbol indicates that waste electrical and electronic products (WEEE) should be disposed of separately from the municipal waste stream.
- Old electrical products can contain hazardous substances so correct disposal of your old appliance will help prevent potential negative consequences for the environment and human health. Your old appliance may contain reusable parts that could be used to repair other products, and other valuable materials that can be recycled to conserve limited resources.
- You can take your appliance either to the shop where you purchased the product, or contact your local government waste office for details of your nearest authorised WEEE collection point. For the most up to date information for your country please see www.lg.com/global/recycling.

• Is féidir cuma an táirge nó comhpháirteanna an táirge a bheith difriúil ag brath ar an samhaltán.


Páirteanna agus Sonraíochtaí

Radharc tosaigh



1. **Asraon aeir/Booster Glanta**
   - Scaoileann sé amach aer íonaithe tríd an scagaire.
   - Is féidir leat treo an aeir a smachtú ionas go sroicheann sé gach cuid den seomra.
2. **Solas an Chaighdeáin Aeir**
   - Taispeánann sé caighdeán ginearálta an aeir ag úsáid solas daite.
3. **Inraon aeir**
   - Is féidir an clúdach tosaigh nó an clúdach cúil a bhaint go leithleach.
4. **Painéal taispeána Stádais**
   - Bain úsáid as seo chun socruithe an ghléis a sheiceáil chomh maith le caighdeán aeir.
5. **Painéal rialaithe**
   - Bain úsáid as seo chun feidhmeanna an ghléis a shocrú.
6. **Glacadóir i gcomhair chomhartha an chianrialtáin**
7. **Ianaitheoir aeir**
   - Gineann sé iain agus maolaíonn sé baictéir díobhálacha ón aer.

Radharc Cúil



1 **Cuid Smart Diagnosis™**

- I gcás mhífheidhmithe nó teipeadh, is féidir leat an rogha Smart Diagnosis™ a úsáid chun riocht an ghléis a sheiceáil.

2 **Braiteoir PM1.0 (cáithníní le trastomhas idir 1.0 agus 2.5 micriméadar)**

- Braitheann sé tiúchan na gcáithníní.

3 **Braiteoir (Gás) Bolaidh**


- Braitheann sé boladh (gás).

4 **Scagaire**

- Maolaíonn sé ábhair alléirgeacha, mionchaithníní, foinsí shiondróim theach tinn, toitcheo agus bolaidh eile nach é.


Sonraíochtaí

- Seans go mbeidh an gléas agus sonraíochtaí difriúla gan fhógra chun cáilíocht an ghléis a chur i bhfeabhas.




Samhaltán	Sraith AS60GD
Cumhacht	220-240 V~, 50 / 60 Hz
Tomhais seachtracha (1 x 2 x 3)	Nuair nach bhfuil an Booster glanta ar siúl: 360 x 597 x 360 (mm)
	Nuair atá an Booster glanta ar siúl: 360 x 824 x 360 (mm)

Córas Scagaire



1. **Scagadh chúram díbholúcháin**
   - Baineann sé amach bolaidh díobhálacha (gás) a ghintear sa saol laethúil amhail bolaidh sheomra folctha, deatach thoitín agus boladh bia.
2. **Scagaire Chúram Bailithe Ailléirgín**
   - Maolaíonn sé PM1.0 agus deatach thoitín ón aer.
3. **Scagaire Fíor-mhín**
   - Laghdaíonn sé cáithníní móra ar snámh san aer.
4. **Hanla an Scagaire**
   - Bain úsáid as seo chun an scagaire a bhaint ón ngléas.

Oiriúintí



1. Cianrialtán / Ceallra (CR2025, 1 Aonad)
2. Lámhleabhar an úinéara

- Seans nach gcuirfear an cianrialtán ar fáil ag brath ar an samhaltán.

Ag díphacáil an Ghléis

Sula n-úsáidtear an gléas, díphacáil an gléas agus bain an téip phacála nó an vinil cosantach de.


Scagaire Vinile a Bhaint

1 Beir greim ar bharr an chlúdaigh cúil agus tarraing é go cúramach. Bain an clúdach ón ngléas.


- Feicfidh tú “PM1.0 & GAS SENSOR SYSTEM” ar chlúdach cúil an ghléis.



2 Bain an tacaíocht (❶) atá lonnaithe ag ionraon an scagaire.




3 Bain amach an scagaire agus a vinil féin.




4 Suiteáil an scagaire sa ghléas.

- Déan cinnte go bhfuil an hanla (❶) aghaidh aníos.



5 Sula ndúnann tú an clúdach, cuir isteach na páirteanna daingnithe ag bun an chlúdaigh, isteach sna pholl ag bun an ghléis.




NOTE

- I gcomhair an tsamhaltáin dual, bain an tacaíocht agus vinil ón scagaire ag cuid íochtarach an íontóra aeir sa slí céanna.
- Déan cinnte go mbaineann tú an vinil cosanta agus tacaíocht den scagaire roimh é a úsáid, mura ndéantar amhlaidh d’fhéadfadh mífheidhmiú tarlú ar an ngléas.
- Dírigh aird ar threo an scagaire nuair a dhéanann tú é a shuiteáil, mura ndéantar seo, d’fhéadfadh mífheidhmiú nó teip tarlú ar an ngléas.

Riachtanais Suímh Suiteála

Suíomh Suiteála

Lig scóip 1m idir an gléas agus an dromchla thart timpeall air nó idir é agus ábhair eile. Tá spás ag teastáil ón ionraon aeir chun go n-oibreodh sé i gceart.



D'fhéadfadh oibriú an táirge a bheith éagsúil ag brath ar an timpeallacht oibriúcháin (mar shampla teocht agus bogthaise).

- Moltar 40-70% de bhogthaise i gcomhair oibrithe optamaigh.

Riachtanais Iompair

Ag iompar an Ghléis

Nuair atá tú ag bogadh nó ag stóráil an táirge, fill an corda cumhachta thart ar bhun an ghléis chun gortú pearsanta, damáiste don chorda nó damáiste do na hurláir a chosc.


Ná beir greim ar an gclúdach seachtarach agus tú ag iompar an ghléis. D'fhéadfadh an clúdach oscailt trí thimpiste, rud a fhágann go bhféadfadh leis titim. Má thiteann an gléas, is féidir go gcuirfidh an gléas gortú pearsanta ort nó fabht ar an ngléas.

- **Samhaltán singil:** Coinnigh cnaipe an táirge leis an dá lámh chun an táirge a bhogadh ar bhealach sábháilte.
- **Samhaltán dual:** Coinnigh greim ar lár an táirge agus úsáid beirt chun an táirge a bhogadh go slán.

• Is féidir cuma an táirge nó comhpháirteanna an táirge a bheith difriúil ag brath ar an samhaltán.

Painéal rialaithe

Feidhmeanna an Phainéil Rialaithe



1. Cnaipe **Start/Stop**
2. Cnaipe **Mode**

   Bain úsáid as chun an mód oibriúcháin a shocrú.
   - Brúigh agus coimeád an cnaipe síos ar feadh 3 shoicind nó níos mó chun an Solas chaighdeán aeir a chur air/as.
3. Cnaipe **Speed**

   Ligeann sé duit neart gaoithe an ghléis a athrú.
   - Brúigh agus coimeád an cnaipe síos ar feadh 3 shoicind nó níos mó chun mód clárúcháin Wi Fi a chur i ngníomh.
   - **Feidhm Wi-Fi**
     - Roimh clárúchán an ghléis: Brúigh agus coinnigh an cnaipe ar feadh níos faide ná 3 shoicind chun modh clárúcháin Wi-Fi a ghníomhachtú (casfaidh sé as go huathoibríoch i ndiaidh 10 nóiméad).
     - I ndiaidh clárúchán an ghléis: Brúigh agus coinnigh an cnaipe ar feadh níos faide ná 3 shoicind chun an gléas a rialú le guthán cliste ina bhfuil sé cláraithe.
     - Feidhm Wi-Fi as: Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe **Start/Stop** agus an cnaipe **Speed** ag an aon am amháin ar feadh níos mó ná 3 shoicind.
4. Cnaipe **Booster Speed**


   Ligeann sé duit sreabhadh gaoithe an booster glanta a choigeartú.
   - Brúigh agus coimeád an cnaipe síos ar feadh 3 shoicind nó níos mó chun an t-ianaitheoir aeir a chasadh air nó as.
5. Cnaipe **Swing**

   Ligeann sé duit an Booster Glanta a chasadh ar chlé nó ar dheis.
6. Cnaipe **Indicator**

   Is féidir tiúchan an dusta san aer a sheiceáil ag toise a cháithnín.
7. Cnaipe **Sleep Timer**

   Bain úsáid as chun am múchta an ghléis a shocrú.
   - Brúigh agus coinnigh mar sin é go ceann 3 shoicind nó níos mó chun cnaipí an Phainéil Rialúcháin a ghlasáil nó díghlasáil.

Painéal Taispeána Stádais



1 **Taispeáint Chaighdeán an Aeir**

① Caighdeán ginearálta an aeir (dath)

② Damhna an cháithnín (dath)

③ Tiúchan na gcáithníní nó an sleep timer

④ Tiúchan an bholaidh (dath)

2 **Taispeánann sé mód oibriúcháin**

3 **Taispeánann sé speed agus booster speed**

Speed : Taispeánann sé sreabhadh an íontóra aeir.


Booster Speed : Taispeánann sé sreabhadh aeir an Booster glanta'

4 **Deilbhíní**

Deilbhín	Cur síos
	Castar air é air nuair atá sé in am an scagaire uachtarach a ionadú.
	Castar air é nuair atá an fheidhm Wi-Fi i ngníomh.
	Castar air é nuair atá an fheidhm sleep timer i ngníomh.
	Castar air é nuair atá an chuid i gcomhair an gléas a chasadh air/as socraithe sa bhfeidhmchlár SmartThinQ.
	Castar air é nuair atá an painéal rialaithe faoi ghlas.
	Castar air é nuair a chastar an t-ianaitheoir aeir air.

Cianrialtán

Feidhmeanna an Chianrialtáin



1. Cnaipe **Start/Stop**
2. Cnaipe **Speed**

   Ligeann sé duit neart gaoithe an ghléis a athrú.
3. Cnaipe **Sleep Timer**

   Bain úsáid as chun am múchta an ghléis a shocrú.
4. Cnaipe **Booster Speed**

   Ligeann sé duit sreabhadh gaoithe an booster glanta a choigeartú.
5. Cnaipe **Light**

   Úsáidtear é chun an solas chaighdeán aeir a chasadh air/as.
6. Cnaipe **Mode**

   Bain úsáid as chun an mód oibriúcháin a shocrú.
7. Cnaipe **Swing**

   Úsáid chun an Booster Glanta a chasadh ar chlé nó ar dheis.


NOTE

- Má ritheann an ceallra as cumhacht, cur isteach ceann nua ina áit (CR2025).
- Mura n-oibríonn an cianrialtán mar a bheifí ag súil leis, déan iarracht an ceallra a ionadú nó seiceáil polaraíocht (+, -) an cheallra. Má leanann an fhadhb, déan teagmháil leis an Ionad Seirbhíse.
- Déan an ceallra ídithe a dhiúscairt de réir an rialúcháin timpeallachta.
- Chun an cianrialtán a úsáid, treoraigh limistéar sheoladh chomhartha an chianrialtáin i dtreo limistéir ghlacadh chomhartha an ghléis.
- Má tá tú i bhfad ón ngléas (taobh tosaigh) níos faide ná 7 m, d'fhéadfadh nach n-oibreodh an cianrialtán.

Buntús

Cas an Gléas air agus as

Brúigh an cnaipe **Start/Stop** chun tús a chur leis an oibriúchán.



NOTE

- Má oibríonn tú an gléas don chéad uair, téann sé isteach i mód **Booster**.
- Fiú má chaillteár an cumhacht de dheasca lándorchaithe, tá cuimhne ag an ngléas ar an socrú oibriúcháin ar úsáid tú an uair dheireanach.
- Nuair a thosaíonn oibriúchán, taispeántar réidh don bhraiteoir ( ) ar feadh 30 soicind.

Modh Oibriúcháin a Úsáid


Modh Smart

Cuireann sé smacht ar an mód oibriúchán agus an neart gaoithe go huathoibríoch, bunaithe ar chaighdeán ginearálta an aeir.

Chun Mód **Smart** a roghnú brúigh an cnaipe **Mode**.

- Gach uair a bhrúnn tú an cnaipe, athraíonn an mód oibriúchán san ord seo a leanas:

  Smart → Booster → Normal.



NOTE

- Agus é i mód **Smart**, ní oibríonn an **Speed**, **Booster Speed** nó na cnaipí **Swing**.

Modh Booster

Glanann an Booster glan an t-aer agus seolann sé é amach i bhfad chun an t-aer istigh a athfhilleadh.


Chun Modh **Booster** a roghnú brúigh an cnaipe **Mode**.

NOTE

- Má dhíphlugálann tú an corda cumhachta ón asraon sula ndúnann tú an Booster Glan síos go hiomlán, cuir an pluga isteach arís. Luascfaidh an Booster Glan clé agus deas agus ansin dúnfaidh sé go hiomlán.

Rothlú an Clean Booster

Agus é i mód **Booster** brúigh an cnaipe **Swing**.



Modh Normal

Modh oibriúcháin bunúsach is ea é i gcomhair íonta aeir, a cheadaíonn duit treise na gaoithe a rialú mar is mian leat.

Brúigh cnaipe **Mode** chún modh **Normal** a roghnú.

Luas an Feain a Choigeartú


Luais Feain an Íontóra Aeir

Is féidir leat sreabhadh an aeir a choigeartú don íontóir aeir.

Brúigh an cnaipe **Speed** le linn an oibriúcháin.

- Gach uair a bhrúnn tú an cnaipe, athraíonn an luas san ord seo a leanas:

  Uath ⟶ Íseal ⟶ Meán ⟶ Ard ⟶ Turbo.



Ag taispeáint luais an íontóra aeir

Má athraíonn tú an luas, taispeántar é sa phainéal thaispeáint stádais. Méadaíonn sé 2 greille ag an am.

[Sampla Speed íontóra 'Meán']



NOTE

- Tá an luas socraithe ag Uathoibríoch nuair a thosaíonn tú an oibriúchán den chéad uair. Cuireann mód Uathoibríoch smacht ar an luas gaoithe go huathoibríoch de réir leibhéil éillithe an aeir istigh.


Luais Feain an Booster Glanta

Is féidir leat sreabhadh an aeir a choigeartú don booster glanta.

Agus é i mód **Booster** brúigh cnaipe **Booster Speed**.

- Gach uair a bhrúnn tú an cnaipe, athraíonn an luas san ord seo a leanas:

  Uath ⟶ Íseal ⟶ Meán ⟶ Ard ⟶ Turbo.



Ag taispeáint luas an Booster

Má athraíonn tú luas feain an Booster, taispeántar é ar an bpainéal thaispeáint stádais. Méadaíonn sé 2 greille ag an am.

[Sampla luais an Booster 'Meán']



NOTE

- Má roghnaíonn tú Uathoibríoch, athraítear an fean istigh sa Booster glan de réir luais an íontóra aeir.


Feidhmeanna Bhreise a Úsáid

Ag úsáid an ianaitheora aeir

Iain a ghiniúint chun baictéir éagsúla a bhaint ón aer.

Brúigh cnaipe **Booster Speed** ar feadh 3 shoicind agus é ag oibriú.

- (Ianaitheoir aeir) ar taispeáint ar an taispeáint stádais.




NOTE

- Nuair atá an t-oibriúchán stoptha, ní féidir fheidhm an ianaitheora a úsáid.

Ag socrú an sleep timer

Is féidir an táirge a shocrú chun stop go huathoibríoch tar éis é a rith ar feadh an fhaid a shocraigh tú.

Brúigh cnaipe an **Sleep Timer** le linn an oibriúcháin.



- Gach uair a bhrúnn tú an cnaipe, athraíonn an Sleep Timer san ord seo a leanas:

  Tar éis**2** uair ⟶ Tar éis **4** uair ⟶ Tar éis **8** uair ⟶ Tar éis **12** uair ⟶ Cealaigh.

- Nuair atá an t-amadóir codlata socraithe, ní thaispeánann an painéal thaispeáint stádais ach deilbhín an amadóra codlata taobh amuigh de cúpla deilbhín eile.

NOTE


- Tá an luas socraithe mar Íseal de rér réamhshocraithe ar feadh tréimhse áirithe. Tar éis don am imeacht, bíonn an luas á smachtú go huathoibríoch ag brath ar chaighdeán an aeir.
- Fiú nuair atá an sleep timer socraithe, is féidir fós an luas a athrú nuair a bhrúann tú an chnaipe **Speed**.
- Má bhrúnn tú an cnaipe **Sleep Timer** uair amháin eile agus an sleep timer socraithe, is féidir an t-am réamhshocraithe a sheiceáil.
- Fanann an t-amadóir codlata ar siúl fiú má théann an chumhacht as nó má bhíonn lándorchú.

Ag glasáil Chnaipí an Phainéil Rialaithe

Is féidir cnaipí an Phainéil Rialaithe a ghlasáil chun cosc a chur ar an ngléas oibriú mar gheall ar chúiseanna gan choinne, ar nós páistí ag láimhseáil na gcnaipí.

Brúigh cnaipe an **Sleep Timer** ar feadh ar a laghad 3 shoicind le linn an oibriúcháin.

- Bíonn (glasáil) ar taispeáint ar an bpainéal thaispeáint stádais.



NOTE

- Is féidir leat an fheidhm glasála a chasadh as sa slí chéanna is a chastar air é.
- Is féidir leat an cianrialtán a úsáid fiú nuair a bhíonn an painéal rialaithe glasáilte.
- Is féidir an painéal rialaithe a ghlasáil fiú mura bhfuil an gléas in oibriúchán.

Ag Aithint Caighdeáin Aeir

Is féidir caighdeán ginearálta an aeir a sheiceáil má bhreathnaíonn tú ar an solas chaighdeán aeir agus an painéal thaispeáint stádais.

Forléargas an Chaighdeáin Aeir


Tá caighdeán ginearálta an aeir ríofa bunaithe ar thiúchan dusta agus bolaidh (gás) agus tá sé roinnte i 4 leibhéal ag brath ar éilliú an aeir.

Dath	Caighdeán Ginearálta an aeir	Tiúchan PM (µg/m³)			Tiúchan an Bholaidh	
	Staid	**PM10** (cáithníní garbha)	**PM2.5** (mion-cháithníní)	**PM1.0** (caithníní le trastomhas idir 1.0 agus 2.5 µm)	Staid	Leibhéal
Dearg	Go hainnis	255 nó níos mó	56 nó níos mó	56 nó níos mó	An-láidir	4
Oráiste	Míshláintiúil	155 ~ 254	36 ~ 55	36 ~ 55	Láidir	3
Buí	Measartha	55 ~ 154	13 ~ 35	13 ~ 35	Normálta	2
Glas	Go maith	54 nó níos lú	12 nó níos lú	12 nó níos lú	Lag	1

NOTE

- Dearbhaítear dath chaighdeán an aeir bunaithe ar cé acu atá níos measa idir tiúchan na gcáithníní agus tiúchan an bholaidh (gás).
- Taispeántar PM (damhna na gcáithníní) in incrimintí d'aonad 1, ó 8 go 999. Tá luachanna tiúchana PM bunaithe ar leathanach shonraí soláthraithe ag déantóir an bhraiteora.
- Rinneadh tomhas an tiúchana PM a scrúdú le hábhair scrúduithe caighdeánacha LG Electronics.
- D'fhéadfadh difríochtaí i luachanna thiúchana PM a bheith de dheasca mhodhanna difriúla tomhaiste nó difríochtaí i leibhéil thiúchana PM.
  - Má bhíonn ardtiúchan PM ann, is féidir leis an ndifríocht idir an tiúchan ar taispeáint agus an fíor-thiúchan dul i méid.

Sonraí an Chaighdeáin Aeir ar an bPainéal Thaispeáint Stádais



1. **Caighdeán ginearálta an aeir**

   Is féidir caighdeán ginearálta an aeir a sheiceáil má bhreathnaíonn tú ag athrú solais ar an bpainéal thaispeáint stádais.

2. **Tiúchan Bolaidh**

   Is féidir tiúchan an bholaidh a sheiceáil má bhreathnaíonn tú ag athrú solais ar an bpainéal thaispeáint stádais.

3. **Tiúchan na gcáithníní**


   Is féidir tiúchan na gcáithníní a sheiceáil má bhreathnaíonn tú ar luach thiúchan na gcáithníní agus dath tháscaire thoise an cháithnín. Taispeánann sé sin an stádas is measa i measc PM10 / PM2.5 / PM1.0.

4. **Damhna an Cháithnín**

   Déantar dath damhna an cháithnín a aithint bunaithe ar thiúchan na gcáithníní amháin.

Ag casadh air/as an tSolais Chaighdeán Aeir


1 Seiceáil glaine an aeir istigh má bhreathnaíonn tú ar an solas chaighdeán aeir.



1. Solas an chaighdeáin aeir
2. solas íochtarach an chaighdeáin aeir *

* Níl an fheidhm seo ar fáil ach ag modh dual.

2 Brúigh agus coinnigh an cnaipe **Mode** ar feadh 3 soicind nó níos mó chun é a chasadh air/as.



NOTE

- Castar an lampa chaighdeán aeir air bán le linn tréimhse cobhsaithe an bhraiteora (30 soicind). Tá an boladh (gás) cobhsaithe 2 nóiméad tar éis duit an t-oibriúchán a thosú.


Ag Aithint Tiúchana na gCáithníní

Is féidir leat tiúchan damhna na gcáithníní a sheiceáil ag toise a cháithnín.

Brúigh an cnaipe **indicator** le linn oibriúcháin

- Aon uair a bhrúnn tú an cnaipe, athraíonn an taispeáint san ord seo a leanas:

  PM10 ⟶ PM2.5 ⟶ PM1.0
- Taispeántar tiúchan an cháithnín roghnaithe ar feadh thart ar 10 soicind.



NOTE

- Is é an leibhéal chaighdeán ginearálta aeir ná toradh an tiúchana PM agus leibhéal bolaidh.
- D'fhéadfadh dhá tháirge éagsúil, curtha sa spás céanna, tiúchan na gcáithníní a thomhas ar bhealach difriúil de bharr imshruthú aeir.
- Difriúil ón mboladh(gás), is féidir tiúchan na gcáithníní a thomhais go mall mar gheall ar ráta scaipthe mall.
- Mar gheall ar an sruth timpeall braiteora cáithníní, seans go mbeidh tiúchan PM ar taispeáint difriúil ón bhfíor-thiúchan.
- Le linn an gléas a úsáid sa timpeallacht a leanas, seans go mbeidh an tiúchan PM ar taispeáint difriúil ón bhfíor-cheann.
  - Nuair a bhíonn tionchair ann amhail tolg, leaba, cairpéad, glantóir, tais, deatach, boladh, cosmáidí, cumhrán, feithidí, ainmhithe
  - Áiteanna tógála, taobh an bhóthair, monarchan, bealach isteach, fuinneog, aerú
  - Nuair atá tionchar ó chócaráil nó úsáid bhogthaiseoir, spraeanna nó táirgí eile a ghineann gal nó cáithníní míne tionchar a imirt ar thiúchan an dusta míne.

Conas an Fheidhm LG SmartThinQ a úsáid


Ceadaíonn an fheidhm LG SmartThinQ duit cumarsáid a dhéanamh leis an ngléas le guthán cliste.

Rudaí le seiceáil sula n-úsáidtear LG SmartThinQ


- Le haghaidh fearais leis an lógó nó

1 Seiceáil an t-achar idir an gléas agus an ródaire gan sreang (gréasán Wi-Fi).
   - Má tá an t-achar idir do ghléas agus an ródaire gan sreang ró-mhór, bíonn an comhartha lag. D'fhéadfadh leis an gclárúchán bheith mall nó d'fhéadfadh leis an suiteáil gan tarlú.

2 Cas as na sonraí Móibíleacha nó sonraí Ceallaigh ar do ghuthán cliste.



3 Ceangail do ghuthán cliste leis an ródaire gan sreang.



NOTE

- Féach ar an ndeilbhín Wi-Fi sa phainéal rialúcháin chun ceangail Wi-Fi a fhiosrú.
- Glacann an gléas le gréasáin Wi-Fi 2.4 GHz amháin. Déan teagmháil le do sholáthraí seirbhíse idirlín nó breathnaigh ar lámhleabhar do ródaire gan sreang chun minicíocht do ghréasáin a fháil amach.
- Níl LG SmartThinQ freagrach as aon fhadhb cheangal gréasáin nó oibriúchán fabhtach, nó earráidí, má bhí an ceangal gréasáin mar chúis orthu.
- Má tá fadhb agat ag ceangal an fearas leis an ngréasán Wi-Fi, b'fhéidir go bhfuil sé rófhada ón ródaire. Ceannaigh athsheoltóir Wi-Fi (sínteoir raoin) chun an comhartha Wi-Fi a neartú.
- D'fhéadfadh leis an ceangail Wi-Fi stopadh go tobann mar gheall ar an timpeallacht gréasáin baile.
- Mura n-oibríonn an ceangal gréasáin i gceart, d'fhéadfadh leis a bheith mar gheall ar an soláthraí seirbhíse.
- D'fhéadfadh leis an timpeallacht bheith mar chúis ar mhoill sa seirbhís gréasáin gan sreang.
- The appliance cannot be registered due to problems with the wireless signal transmission. Unplug the appliance and wait about a minute before trying again.
- Má tá balla dóiteáin cumasaithe ar do ródaire gan sreang, díchumasaigh an balla dóiteáin nó cuir eisceacht leis.
- The wireless network name (SSID) should be a combination of English letters and numbers. (Do not use special characters.)
- D'fhéadfadh le comhéadan úsáideora an ghuthán cliste (UI) a bheith éagsúil ag brath ar chóras oibriúcháin (OS) an déantóra.
- Má tá prótacal slándála an ródaire socraithe mar WEP, d'fhéadfá gan bheith ábalta an gréasán a shocrú. Le do thoil, athraigh é go prótacail slándála eile (moltar WPA2) agus cláraigh an táirge arís.

Conas LG SmartThinQ a Shuiteáil

Déan an feidhmiú LG SmartThinQ a lorg ar an Google Play Store nó ar Apple App Store ar an nguthán cliste. Lean na treoracha chun an feidhmiú a íoslódáil agus a shuiteáil.

Feidhm Wi-Fi

Smart Diagnosis™

Má theipeann ar an ngléas nó má bhíonn mífheidhmiú air, is féidir leat cúinsí an ghléis a sheiceáil ach feidhm Smart Diagnosis™ agus ceisteanna a réiteach ar shlí níos áisiúla.

Socruithe

Is féidir bainistiú an ghléis agus fógraí práinne a chumrú.

NOTE

- Má athraíonn tú do ródaire gan sreang, soláthraí seirbhíse idirlín, nó pasfhocal, scrios an gléas cláraithe ón bhfeidhmchlár LG SmartThinQ agus cláraigh arís é.
- Tá an feidhmiú seo faoi réir nuashonra fearais agus na athruithe a thagann leis, gan fógra roimh ré.
- Braitheann an réimse feidhmeanna ar an samhaltán.

Sonraíochta modúil LAN gan sreang

Samhaltán	LCW-003
Raon Minicíochta	2412 - 2472 MHz
(Uas) Cumhacht Asraon	IEEE 802.11b: 18.37 dBm IEEE 802.11g: 17.67 dBm IEEE 802.11n: 17.67 dBm

Feidhm gan Sreang S/W leagan : V 1.0

Chun an t-úsáideoir a chosaint, ba cheart go mbeidh achar íosta de 20cm idir an corp agus an gléas agus an gléas seo a shuiteáil agus a oibriú.

Dearbhú Comhréireachta

CE

Leis seo, fógraíonn LG Electronics go gcomhlíonann an cineál trealaimh raidió íontóir aeir an Treoir 2014/53/EU. Tá téacs iomlán de dhearbhú an EU ar chomhréireacht ar fáil ag an suíomh idirlín a leanas:

http://www.lg.com/global/support/cedoc/cedoc#

LG Electronics European Shared Service Centre B.V.

Krijgsman 1

1186 DM Amstelveen

An Ísiltír

Fógra Faisnéise maidir le Bogearraí Foinse Oscailte

Téigh go dtí http://opensource.lge.com chun an cód foinse atá sa táirge seo faoi GPL, LGPL, MPL agus ceadúnais foinse oscailte eile a fháil. Chomh maith leis an gcód foinse, tá gach téarma ceadúnais, séanadh baránta agus fógra cóipchirt dá dtagraítear ar fáil le haghaidh a n-íoslódála.

Cuirfidh LG Electronics cód foinse oscailte ar fáil duit freisin ar CD-ROM ach táille a íoc a chlúdóidh an costas a bhaineann lena leithéid de dháileadh (cosúil le costais an mheáin, an phostais agus láimhseála) ach ríomhphost a sheoladh chuig opensource@lge.com. Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse trí bliana tar éis don táirge seo a bheith seolta don uair dheireanach. Tá an tairiscint seo bailí do dhuine ar bith a fhaigheann an fhaisnéis seo.

Conas Smart Diagnosis™ a úsáid

• Le haghaidh gléasanna leis an lógó nó .

Smart Diagnosis™ ar an Lárionad Eolais do Chustaiméirí

Úsáid an fheidhm seo má tá diagnóis cuimsitheach ag teastáil uait ón lárionad eolais LG Electronics nuair atá oibriúchán fabhtach nó nuair a theipeann ar an bhfearas. Úsáid an fheidhm seo le haghaidh teagmháil amháin, leis na ionadaithe cothabhála. Ná húsáid é i rith oibriúchán normálta.


Ní féidir Smart Diagnosis™ a chur i ngnímh mura bhfuil an gléas ceangailte leis an gcumhacht.

1 Oscail an fheidhm LG SmartThinQ ar an nguthán cliste.

2 Brúigh cnaipe **Smart Diagnosis**.

Déan de réir na dtreoracha ar an ghuthán chliste.

3 Brúigh an coinnigh an cnaipe **Indicator** ar feadh 5 soicind nó níos mó chun Smart Diagnosis™ a dhéanamh.




4 Cur an guthán in aice leis an ngléas.

• Ní mór don mhicreafón ar do ghuthán bheith ag féachaint ar lógó Smart Diagnosis™ (nó) ar an gcúl. Ná bain an guthán den táirge nuair atá sonraí á dtarchur.

• Ní mór an guthán a choimeád in aice leis an ngléas nuair atá sonraí á dtarchur i gcomhair Smart Diagnosis™.

• Is féidir leis an bhfuaim tarchuir sonraí bheith géar don chluas an fhaid is atá na sonraí Smart Diagnosis™ á dtarchur ach ná bain an guthán den táirge chun diagnóis chruinn a chinntiú go dtí go bhfuil an fhuaim tharchur sonraí tar éis stopadh.



5 Tar éis don aistriú sonraí bheith críochnaithe, gheobhaidh tú miniúchán ón gníomhaire cothabhála faoi torthaí an Smart Diagnosis™.

• Tar éis don ghníomhaire seirbhíse toradh na diagnóise a mhínú, déan an beart molta.

NOTE

• Braitheann an fheidhm Smart Diagnosis™ ar chaighdeán glaoigh áitiúil.

• Feabhsóidh feidhmiú na cumarsáide agus is féidir seirbhís níos fearr a fháil má úsáideann tú an guthán baile.



• D'fhéadfadh nach bhfuil an tarchur sonraí éasca de dheasca droch-chaighdeán cumarsáide, sa chás sin, ní féidir an tseirbhís Smart Diagnosis™ a chur ar fáil i gceart.

⚠ RABHADH

- Ní mór oibriú an ghléis a stopadh agus é a dhíphlugáil sula nglanann tú agus athchuireann tú an scagaire.
- Ná spraeáil uisce go díreach ar an ngléas.

Ag Coinneáil an Ghléis

Cothabháil sceidealaithe

Comhpháirt	Minicíocht ghlantacháin	Minicíocht Ionadaithe
 Scagaire	**Scagaire fíor-mhín amháin** I gcás éillithe, glan an scagaire.	**An scagaire iomlán** 1 bhliain
 Braiteoir PM1.0	2 mhí	-

NOTE

- D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an timpeallacht oibriúcháin agus ag na huaireanta oibriúcháin ar an minicíocht ghlantacháin. Molaimid gur cheart duit é a ghlanadh níos minice i dtimpeallacht lán dusta.
- Mura nglanann tú an gléas de réir na minicíochta glantacháin, d'fhéadfá droch-bholadh a bhraith nó droch-fheidhmíocht a fheiceáil.
- Is earra intomhalta é an scagaire. Dá bhrí sin, ní mór ceann nua a cheannach i gcomhair ionadaithe nuair atá deireadh saoil sroichte aige, fiú le linn na tréimhse baránta. Téigh i dteagmháil le hIonad Seirbhíse LG Electronics nó Siopa Táirgí Intomhalta LG Electronics (www.lg.com).
- Is féidir leat glanadh nó ionadú an scagaire a iarraidh ag an Ionad Seirbhíse. Gearrfar táille ar leith ort le haghaidh glanta an scagaire agus seirbhíse ionadaithe.
- Mura bhfuil aon athraithe do thiúchan na gcáithníní ar an bpainéal thaispeáint stádais, glan an braiteoir, beag beann ar mhinicíocht ghlantacháin an scagaire PM1.0 (2 mhí).

Foláirimh ar an bPainéal Thaispeáint Stádais

Nuair a fheiceann tú an teachtaireacht foláirimh sa phainéal stádais, déan a leanas:

Foláireamh	Tomhais
	Athchuir an scagaire.

NOTE

- Taispeántar foláirimh ionadaithe scagaire bunaithe ar an uasmhéid ama úsáide, ag cur san áireamh uaireanta oibriúcháin an ghléis. Dearbhaítear minicíocht ionadaithe ag uaireanta oibriúcháin agus timpeallacht.

Stóráil

Mura n-úsáidtear an gléas ar feadh tréimhse fhada, stóráil é in áit thirim faoi scáth.

1 Ar lá breá, is cóir an gléas a oibriú ar feadh uair amháin nó níos mó.
   - Baineann sé seo an taise agus cuireann sé cosc ar fhás chaonaigh taobh istigh den ghléas.

2 Cas as an chumhacht agus díphlugáil é ón asraon leictreach.
   - Lúb an corda cumhachta thart timpeall ar bhun an ghléis.

3 Cuir an gléas i bpacáiste chun cosc a chur ar dusta nó ábhar coimhthíoch dul isteach ann. Stóráil gléas pacáilte in áit faoi scáth.

⚠ FOLÁIREAMH

- Ná stóráil an gléas in áit a bhfuil bogthaise nó in áit nochta le solas díreach na gréine. Muarab amhlaidh, d'fhéadfadh angléas bheith míchumtha, mífheidhmeach nó d'fhéadfadh sé boladh a chruthú.

Ag Glanadh an Ghléis

Ag glanadh an Taobh Amuigh

1 Bain dusta amach as an ionraon aeir agus asraon aeir ag úsáid glantóra folúis.

2 Glan an imeachtar le héadach bog.

NOTE


- Más deacair duit an clúdach tosaigh agus an clúdach cúil a ghlanadh, scaoil óna chéile iad ar dtús agus nigh iad le huisce. Ansin, triomaigh iad go hiomlán faoi scáth.

Ag Glanadh an Bhraiteora Cáithníní


Braitheann an braiteoir PM1.0 miondháithníní chomh maith le cáithníní garbha. Dá bhrí sin, is gá a lionsa a ghlanadh go rialta.

1 Bain an clúdach cúil ón táirge.

2 Oscail clúdach an bhraiteora.



3 Glan an lionsa le maipín chadáis maothaithe in uisce agus glan arís é le maipín chadáis tirim.



NOTE


- Ná cuimil an braiteoir le haon ábhar nach uisce é. Seans go gclisfeadh an gléas má dhéantar sin.

Ag Cothabháil an Scagaire

Ag glanadh an scagaire

1 Scar an clúdach den ghléas.

2 Bain dusta den scagaire fíor-mhín le glantóir folúis nó scuab bhog.



NOTE

- I gcomhair an tsamhaltáin dual, glan an scagaire ag cuid íochtarach an íontóra aeir sa slí céanna.

Ag ionadú an scagaire


1 Bain an clúdach agus athchuir an scagaire.
   - Chun truailliú na háite timpeall a chosc agus an scagaire á ionadú, cur nuachtán ar an urlár sula mbaintear an scagaire.

2 Nuair a bhfuil an scagaire curtha ar ais, díchumasaigh foláireamh ionadaithe an scagaire.

Ag díchumasú foláirimh ionadaithe an scagaire

Brúigh agus coinnigh an cnaipe **Speed** agus an cnaipe **Indicator** go comhuaineach ar feadh 3 shoicind nó níos mó.

- Tá an (foláireamh ionadaithe scagaire) díchumasaithe agus tá an t-aláram ionadaithe athshocraithe.



NOTE

- Díchumasaítear foláireamh ionadaithe scagaire go huathoibríoch má théann 24 uair thart ó taispeánadh é nó má bhíonn an táirge dícheangailte ón bhfoinse cumhachta.

Sula nglaotar ar Sheirbhís

Oibriúchán

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Ní oibríonn an gléas.	**An bhfuil an pluga cumhachta díphlugáilte ón asraon?** • Plugáil isteach i gceart é san asraon.
Tá boladh ann, ach ní athraíonn solas chaighdeán an aeir.	**An bhfuil an solas chaighdeán aeir casta air dearg nó oráiste?** • Dearbhaítear dath chaighdeán an aeir bunaithe ar cé acu atá níos measa idir tiúchan na gcáithníní agus tiúchan an bholaidh (gás). Déan seiceáil an bhfuil tiúchan na gcáithníní níos measa ná mar a bhí roimhe. • Tá an braiteoir bolaidh (gás) ceaptha chun gáis dhíobhálacha a aithint. D'fhéadfaí nach gclárófaí bolaidh bia mar dhíobhálach ach maolóidh an scagaire chúram díbholúcháin iad.
Coinníonn solas an chaighdeáin aeir dearg.	**Nach n-athraíonn an dath, fiú má bhogtar é go dtí seomra glan?** • Má tá méid an bholaidh níos mó ná toilleadh an táirge, d'fhéadfadh nach n-athróidh an taispeáint. • Glan an braiteoir. • Bain an pluga cumhachta den asraon agus athcheangail arís é nóiméad níos déanaí.
	Ar úsáid tú sprae in aice leis an táirge? • Ná bain úsáid as sprae in aice leis an táirge.
Níl cnaipí an phainéil rialaithe ag obair.	**An bhfuil an 🔒 (Glasáil) casta air ar an bpainéal thaispeáint stádais?** • Brúigh agus coimeád an cnaipe **Sleep Timer** síos ar feadh 3 shoicind nó níos mó chun feidhm díghlasála a dhíchumasú.
Ní athraíonn tiúchan na gcáithníní.	**An bhfuil ábhar coimhthíoch sa bhraiteoir?** • Glan an braiteoir PM1.0.
	An bhfuil an táirge in úsáid in áit dúnta? • In áit dúnta, d'fhéadfadh an leibhéal glaine fanacht mar an gcéanna gan athrú.
Leanann tiúchan na gcáithníní ard.	**An leanann an t-aer ar aghaidh ag sruthú isteach go dtí an áit ina bhfuil an táirge suiteáilte?** • I dtimpeallacht ina bhfuil an t-aer amuigh á sholáthar go leanúnach, d'fhéadfadh go leanfaidh an tiúchan ar aghaidh ard.
Níl meaitseáil ann idir dath caighdeán ginearálta an aeir agus luach thiúchan na gcáithníní.	**An bhfuil meaitseáil ann idir dath chaigheáin ginearálta an aeir agus an dath a chuireann tiúchan bolaidh in iúl?** • Taispeántar caighdeán ginearálta an aeir ach boladh agus tiúchan na gcáithníní a mheas go cuimsitheach. • Fiú má tá tiúchan na gcáithníní íseal, má bhíonn an boladh láidir, d'fhéadfadh nach mbeadh meaitseáil ann idir dath chaighdeáin ginearálta an aeir agus luach thiúchan na gcáithníní.
Níl an Booster glanta ag obair.	**An bhfuil mód oibriúcháin socraithe ag modh an Booster?** • Ní oibríonn luas feain an Booster agus feidhmeanna rothlaithe fean an Booster i modh an **Booster** amháin.

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Tá leibhéil tiúchana na gcáithníní difriúil idir an táirge agus an aip LG SmartThinQ.	**An bhfuil tú ag féachaint ar na cáithníní céanna?** • Déan cinnte go bhfuil na leibhéil PM1.0/PM2.5/PM10 ar taispeáint go leanúnach idir an aip LG SmartThinQ agus do ghléas. • Is í an chúis a mbeadh ann don difear idir na luachanna ná an difear idir am nuashonraithe idir an aip LG SmartThinQ agus an gléas.

Feidhmíocht

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Níl an t-aer laistigh ianaithe maith a dhóthain.	**An bhfuil an t-éilliú laistigh trom?** • Déan an t-aer laistigh a aeráil sula n-úsáideann tú an gléas.
	Ar carnadh dusta sa scagaire fíor-mhín? • Glan an scagaire fíor-mhín i gceart.
	Ar carnadh an dusta sa scagaire chúram bailithe ailléirgin? • Athchuir an scagaire.
	An bhfuil tú á úsáid in áit ró-fhairsing nó oscailte? • Bain úsáid as táirge a oireann do thomhas an tseomra. • Seachain aon áit atá aeráilte go maith amhail geata, fuinneog srl.
	An bhfuil bac in aice láimhe? • Bain an bac.
	An bhfuil an gléas suiteáilte i gcoirnéal? • Bog an gléas agus déan é a shuiteáil arís.

Torann

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Tá an fean torannach, fiú ag an luas is ísle.	**Ar carnadh dusta sa scagaire fíor-mhín?** • Glan an scagaire fíor-mhín i gceart.
	Ar carnadh an dusta sa scagaire chúram bailithe ailléirgin? • Ionadaigh an scagaire iomlán.
Déanann an fearas fuaim ard thobann le linn oibrithe.	**An socraítear mód oibrithe go mód Smart nó an socraítear Speed go mód Auto?** • D'fhéadfadh go ndeánfadh sé fuaim thobann le linn é a choigeartú go huathoibríoch don sruth aeir ag brath ar cháilíocht aeir laistigh.
Gintear torann nuair a chasaim air nó as an Booster glanta.	• Ciallaíonn seo go bhfuil an Booster glanta ag iarraidh an suíomh ceart a aimsiú.

Boladh

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Tagann boladh ait amach ón asraon aeir chomh maith leis an scagaire.	**Ar cheannaigh tú an gléas le déanaí?** • Níl aon díobháil ag baint le boladh ghualaigh gíomhachtaithe. Tá an boladh seo cosúil le boladh a bhraithfí i gcarr úrnua. Geallaimid go n-imeoidh sé 1-2 seachtain tar éis a chéad úsáide.
	An úsáidtear an táirge in áit le a lán deataigh nó bolaidh? • In áit in a bhfuil a lán deataigh nó bolaidh d'fhéadfadh an fheidhm glantacháin a bheith meathlaithe. Déan an seomra a aeráil ar dtús agus ansin úsáid an táirge.
	An bhfuil droch-bholadh ar an scagaire? • Athchuir an scagaire. D'fhéadfadh minicíocht ionadaithe an scagaire a bheith difriúil ag brath ar an timpeallacht ina n-úsáidtear é.
	An bhfuil an táirge suiteáilte i dtimpeallacht ina bhfuil a lán bolaidh? • Má úsáideann tú an táirge ar feadh tamaill fhada le linn cócaireachta nó ag beiriú éisc/feola, d'fhéadfadh tréimhse saoil an scagaire a bheith laghdaithe go mór. • Más féidir, oscail an fhuinneog i gcomhair aerála le linn cócaireachta agus bain úsáid as an táirge chun an boladh atá fágtha i ndiaidh aerála a mhaolú.

Wi-Fi

Comharthaí	Cúiseanna agus Réitithe Féideartha
Níl do ghléas baile agus guthán cliste ceangailte leis an ngréasán Wi-Fi.	**Tá an pasfhocal i gcomhair Wi-Fi mícheart in úsáid agat le ceangal.** • Faigh an gréasán Wi-Fi ceangailte le do ghuthán cliste agus bain é, ansin cláraigh do ghléas ar **LG SmartThinQ**.
	Tá sonraí Móibíleach ar siúil do do ghuthán cliste. • Múch na **sonraí Móibíleach** do ghutháin cliste agus úsáid an gréasán Wi-Fi le do ghléas a chlárú.
	Tá an t-ainm gréasáin gan sreang (SSID) socraithe go mícheart. • The wireless network name (SSID) should be a combination of English letters and numbers. (Do not use special characters.)
	Níl minicíocht an ródaire cothrom le 2.4 GHz. • Ní ghlactar ach le minicíocht ródaire 2.4 GHz. Socraigh an ródaire gan sreang ar 2.4 GHz agus ceangail an gléas leis an ródaire gan sreang. Chun minicíocht a sheiceáil, cuir ceist ar an soláthraí seirbhíse idirlíne nó déantóir an ródaire.
	Tá an t-achar idir an gléas agus an ródaire ró-mhór. • Má bhíonn an t-achar idir an gléas agus an ródaire ró-mhór, d'fhéadfadh leis an gcomhartha bheith lag agus leis an gceangal gan bheith cumasaithe i gceart. Cuir an ródaire áit eile, níos cóngaraí don gléas.


LG
Life's Good